# Treoirleabhar Faisnéise d’Iarrthóirí

**An Ghníomhaireacht Tithíochta**
53 Sráid an Mhóta Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2
D02 KT73

recruitment@housingagency.ie

## ÁBHAR


Cé muid? ..... 3

Ár luachanna ..... 4

Cuspóir an treoirleabhair seo ..... 4

An Post a bhfuil tú ag cur isteach air ..... 4

Critéir Cháilitheachta Ghinearálta ..... 5

SLÁINTE ..... 6

Riachtanais Saoránachta Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas: ..... 6

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí ..... 6

Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER): ..... 7

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010): ..... 7

AN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL & RIALTAIS ÁITIÚIL (LITIR CIORCLÁIN LG(P) 06/2013) ..... 7

Dearbhú ..... 7

Aoisliúntas agus scoir ..... 7

Laghdú ar Phinsin ..... 8

Ceapachán i ndiaidh scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís ..... 8

Ceapachán i ndiaidh scor de bharr drochshláinte ón seirbhís phoiblí ..... 9

Fabhrú Pinsin ..... 9

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise ..... 9

Nós Imeachta an Iarratais ..... 10

Scileanna agus Inniúlachtaí ..... 10

Uaireanta oibre ..... 11

Gearrliostú ..... 11

Iarrthóirí faoi Mhíchumas ..... 11

An t-Agallamh ..... 11

Torthaí an Bhoird Agallaimh ..... 11

Iarratais ar aiseolas ..... 11

Tagairtí & Cáilíochtaí Oideachais ..... 11

Dualgas a Ghlacadh ..... 12

Promhadh ..... 12

Nós Imeachta Achomharc ..... 13

Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ..... 13

Stocaireachta ..... 13

## CÉ MUID?

Is comhlacht rialtais í **an Ghníomhaireacht Tithíochta** atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is é **Ár gCuspóir** saineolas agus réitigh a chur ar fáil le cabhrú le pobail inbhuanaithe a sholáthar ar fud na hÉireann. Sa tréimhse straitéiseach seo, déanfaimid ár gcuspóir a sholáthar i dtrí bhealach:


1. Tacú le geallsealbhóirí le léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise le córas tithíochta inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn.
2. Réitigh ar Éileamh agus Soláthar a chumasú ar fud an chórais tithíochta.
3. A chinntiú go mbíonn sé de chumas ag an nGníomhaireacht agus a cuid geallsealbhóirí, agus go mbíonn an ghastacht acu, aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

**Ár bhFeidhmeanna**

Is é ár bpríomhfheidhm na seirbhísí a chur ar fáil thar ceann agus ar son an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus gach údaráis áitiúil trína gcuid feidhmeanna a chur chun feidhme faoi na hAchtanna um Thithíocht. Áirítear leis na seirbhísí:

- Taighde agus Anailís Tithíochta
- Tacaíochtaí agus Comhairle maidir le Soláthar Tithíochta
- Seirbhísí Údaráis Áitiúil
- Seirbhísí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
- Tacaíochtaí Morgáiste
- Clár Fála lena n-áirítear réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- Tionscadail Tithíochta agus Seirbhísí Soláthair
- Feabhsúchán Piríte
- Morgáiste go Cíos
- Seirbhísí Comhairleoireachta um Fhorbairtí Il-Úsáideoirí
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachtaí na nÚdarás Áitiúil
- An Ciste Croí Cónaithe (Cathracha) a bhainistiú
- Oiliúint agus Faisnéis do Chleachtóirí Tithíochta
- Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Cúnamh le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CCT
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Na Scéimeanna Deontais um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar

## ÁR LUACHANNA




## CUSPÓIR AN TREOIRLEABHAIR SEO

Cuireann an treoirleabhar seo eolas ginearálta ar fáil d'iarrthóirí atá ag cur isteach ar phost laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta. Cuirfear eolas breise ar fáil do gach folúntas áirithe a fhógraíonn an Ghníomhaireacht -a thugann eolas faoi riachtanais an róil, na cáilíochtaí agus an taithí atá de dhíth chomh maith leis na scileanna agus na hinniúlachtaí nach mór don iarrthóir rathúil nó na hiarrthóirí rathúla a léiriú ar a bhfoirm iarratais agus le linn a n-agallaimh inniúlachta.

## AN POST A BHFUIL TÚ AG CUR ISTEACH AIR

Fógrófar sonraí gach folúntais, lena n-áirítear na híos-cháilíochtaí atá de dhíth, in éineacht leis an bhfoirm Iarratais ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta https://housingagency.ie/Careers agus moltar d'iarrthóirí an t-eolas seo a léamh go cúramach sula gcuireann siad a bhfoirm iarratais i gcrích.

Ní mór do gach iarrthóir, ar an dáta deireadh le hiarratais líonta a chur isteach, gach cáilíocht agus critéar ábhartha an fholúntais a fháil. Uaireanta, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht Tithíochta tríú páirtí a fhostú chun an feachtas earcaíochta a bhainistiú go páirteach nó ina iomlán agus cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoi seo.

# CRITÉIR CHÁILITHEACHTA GHINEARÁLTA

**An Ghníomhaireacht Tithíochta** 53 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 KT73 ....1

recruitment@housingagency.ie ....1

Cé muid? ....3

Ár luachanna ....4

Cuspóir an treoirleabhair seo ....4

An Post a bhfuil tú ag cur isteach air ....4

Critéir Cháilitheachta Ghinearálta ....5

SLÁINTE ....6

Riachtanais Saoránachta Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas: ....6

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí ....6

Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER): ....7

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010): ....7

AN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL & RIALTAIS ÁITIÚIL (LITIR CIORCLÁIN LG(P) 06/2013) ....7

Dearbhú ....7

Aoisliúntas agus scoir ....7

Laghdú ar Phinsin ....8

Ceapachán i ndiaidh scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís ....8

Ceapachán i ndiaidh scor de bharr drochshláinte ón seirbhís phoiblí ....9

Fabhrú Pinsin ....9

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise ....9

Nós Imeachta an Iarratais ....10

Scileanna agus Inniúlachtaí ....10

Uaireanta oibre ....11

Gearrliostú ....11

Iarrthóirí faoi Mhíchumas ....11

An t-Agallamh ....11

Torthaí an Bhoird Agallaimh ....11

Iarratais ar aiseolas ....11

Tagairtí & Cáilíochtaí Oideachais ....11

Dualgas a Ghlacadh ....12

Promhadh ....12

Nós Imeachta Achomharc ....13

Más mian le hiarrthóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh boird maidir le gearrliostú nó agallamh, ní mór dóibh é sin a dhéanamh laistigh de thrí lá oibre tar éis iad a chur ar an eolas faoin

gcinneadh sin. Ní mór an achomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig an Oifigeach Achomhairc recruitment@housingagency.ie agus cúiseanna an achomhairc a lua go soiléir. ............................13

Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ...............................................................................13

Stocaireachta ..................................................................................................................................................13

## SLÁINTE

Ní mór do shláinte na n-iarrthóirí a bheith go maith acu, ní mór dóibh a bheith cumasach agus inniúil maidir leis an obair a leagtar orthu a dhéanamh.

## RIACHTANAIS SAORÁNACHTA NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ INCHÁILITHE BHEITH I GCEANN DE NA CATAGÓIRÍ SEO A LEANAS:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na RA nó na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó

e) Duine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dó/di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó

f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den RA nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**Is gá go mbeadh iarrthóirí incháilithe faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith.**

Tá sé tábhachtach go luann iarrthóirí a bhfostaíocht shibhialta nó seirbhíse poiblí roimhe seo, dá mba rud é gur bhain siad leas as iomarcaíocht dheonach nó scéim scoir agus/nó má tá pinsean scoir drochshláinte á fháil acu. Má theipeann orthu é sin a dhéanamh, d'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith mar thoradh air.

## COMHAONTÚ COMHCHOITEANN: ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA LE FOSTAITHE SA TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Tugadh isteach litir na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe an PFN arna dátú 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe an PFN agus an Coiste um Sheirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir leis na hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí.

Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine atá ag baint leasa as aon fholúntas incháilithe d'athfhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí

(mar a shainaithnítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó dhífhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo, a incháilitheacht a chruthú (deireadh leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

## SCÉIM LUATHSCOIR DHREASAITHE (ISER):

Is coinníoll é den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09 nach bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, incháilithe chun chur isteach ar fholúntas eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine mar sin atá ar scór cur isteach ar an bpost seo.

## CIORCLÁN NA ROINNE SLÁINTE AGUS LEANAÍ (7/2010):

Le Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 arna dátú 1 Samhain 2010, tugadh isteach an Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Is coinníoll é den Scéim VER nach mbeidh daoine atá ag baint leasa as an scéim incháilithe d'athfhostaíocht san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach ag airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna maidir le hathfhostaíocht i bhfeidhm faoin VRS, ach amháin go mairfidh an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER incháilithe páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo, a incháilitheacht a chruthú (deireadh leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

## AN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL & RIALTAIS ÁITIÚIL (LITIR CIORCLÁIN LG(P) 06/2013)

Thug Litir Ciorcláin na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013 isteach Scéim Iomarcaíochta Deonach d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí arna dátú 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll ar leith é den Scéim VER nach mbeidh daoine incháilithe d'athfhostaíocht i gcomhlacht Seirbhíse Poiblí ar bith [mar atá mionsonraithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Soláthair Eile) 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a d'imigh siad faoin Scéim seo. Tá na coinníollacha sin i bhfeidhm chomh maith i gcás rannpháirtíocht/fostaíocht ar chonradh do bhonn seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

## DEARBHÚ

Ceanglófar ar iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas cheana as scéim Seirbhíse Poiblí den luathscor dreasaithe. Ceanglófar ar iarrthóirí a dhearbhú aon cheart ar shochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (san íocaíocht nó caomhnaithe) ó fhostaíocht Seirbhíse Poiblí ar bith eile agus/nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht Seirbhíse Poiblí ar bith.

## AOISLIÚNTAS AGUS SCOIR

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa tSeirbhís Phoiblí don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar bhallraíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

## LAGHDÚ AR PHINSIN

• Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go n-éiríonn pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí iníoctha le linn a (h)athfhostaíocht, beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

**Tabhair do d'aire, le do thoil: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste, nuair is cuí, i bhfeidhm. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapacháin sa phost seo.**

• Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má dámhadh pinsean air nó uirthi faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Imlitir na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó imlitir LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, áfach, a fhágann le haon cheann díobh go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh teidlíocht an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfaidh an ceapaí a bheith cáilithe ina leith.

• Ciorclán Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna 102/2007. Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, lasmuigh de chúinsí na gcásanna atá leagtha amach in ailt 10.2 agus 10.3 den cháipéis ciorcláin ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má théann múinteoir ar scor go luath faoi Ghnéithe 1, 2 nó 3 den scéim sin agus má tá siad fostaithe ina dhiaidh ar bhealach ar bith i réimse den earnáil phoiblí, cuirfear stop láithreach le híocaíocht pinsin an duine sin faoin scéim. Cuirfear tús leis na híocaíochtaí pinsin arís, áfach, nuair a chuirtear deireadh leis an bhfostaíocht nó ar 60ú lá breithe an duine, cibé ceann atá níos déanaí, ach nuair a chuirtear tús leis arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís inríofa mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise ar cheadaíodh iad san áireamh i ríomh na híocaíochta pinsin).

• Scor de bharr Drochshláinte Tabhair faoi deara, sa chás go ndeachaigh duine ar scor de bharr drochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais, ceanglaítear orthu a dhearbhú ag céim tosaigh an iarratais leis an eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil acu, nach bhfuil pinsean mar sin á fháil acu. Ceanglófar ar iarrthóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil a mheas, agus an coinníoll ar cháilíodh iad do IHR á chur san áireamh.

## CEAPACHÁN I NDIAIDH SCOR DE BHARR DROCHSHLÁINTE ÓN STÁTSEIRBHÍS

Má éiríonn leo ina n-iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart go mbeadh an t-iarrthóir ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Má mheastar go bhfuil siad oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil agus má leagan an post orthu, cuirtear stop lena bpinsean drochshláinte Státseirbhíse.

2. Má theipeann ar an iarrthóir ina dhiaidh sin sa phromhadh nó má bheartaíonn siad a bpost a leagadh orthu a fhágáil, ní féidir leo filleadh ar an stádas IHR státseirbhíse, ná ní féidir an pinsean IHR státseirbhíse a thabhairt ar ais dóibh, a bhí acu roimh an iarratas ná níl aon teidlíocht chuige sin.

3. Beidh an t-iarrthóir mar chomhalta de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar iad dá mba rud é go raibh briseadh os cionn 26 seachtain acu i seirbhís phoiblí/státseirbhís in aois an phinsin. 11 Speisialtóir Catagóire (Soláthar Poiblí) An Oifig um Sholáthar Rialtais

## CEAPACHÁN I NDIAIDH SCOR DE BHARR DROCHSHLÁINTE ÓN SEIRBHÍS PHOIBLÍ

1. Sa chás gur scor duine ó chomhlacht seirbhíse poiblí, d'fhéadfadh a phinsean/pinsean drochshláinte ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha um scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.

2. Má éiríonn le hiarrthóir, nuair a cheapfar an t-iarrthóir sin, ceanglaítear orthu a dhearbhú cé acu a bhfuil siad ag fáil pinsean seirbhíse poiblí (drochshláinte nó eile) agus d'fhéadfadh go mbeadh a bpinsean seirbhíse poiblí faoi réir lacáiste.

3. Beidh an t-iarrthóir mar chomhalta de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar iad dá mba rud é go raibh briseadh os cionn 26 seachtain acu i seirbhís phoiblí/státseirbhís in aois an phinsin.

## FABHRÚ PINSIN

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo pinsin i gcás ina raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e. neamh-Scéim Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil maidir leis an teorainn 40 bliain den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin d'aon cheapaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

## RANNÍOCAÍOCHT AOISLIÚNTAIS BHREISE

Chomh maith leis na riachtanais ranníocaíochta pinsin faoi rialacha na scéime pinsin cuí a bhféadfadh duine ceaptha a bheith ina gcomhalta de, tá an ceapachán sin faoi réir na ranníocaíochta aoisliúntais breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. Nóta: Tá asbhaintí ASC chomh maith le haon ranníocaíocht pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus páistí) de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair féach an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (téarmaí nach mbaineann le Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtain roimh an gceapachán nó má tá sé/sí ar sos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí. Is iad seo a leanas na príomhsholáthairtí a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

• Aois an Phinsin: Is ionann an aois íosta atá an pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, faoi láthair 66 bliain d'aois.

• Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad 70 bliain d'aois amach.

• Baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus méid cnapshuime gach bliain agus ardaíonn an ráta gach bliain de réir tagartha don CPI).

• Baineann méadaithe pinsin i ndiaidh scor le CPI.

## NÓS IMEACHTA AN IARRATAIS

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú, ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána. Ní mór d'iarratais a bheith clóscríofa agus curtha isteach chuig recruitment@housingagency.ie. Ní féidir linn glacadh le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta/uair, faraor.

Níor cheart faisnéis bhreise amhail do CV, teistiméireachtaí, agus teastais a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais seo, ach amháin má iarrtar orthu go sonrach ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

## SCILEANNA AGUS INNIÚLACHTAÍ

Nuair a dhéanann an Ghníomhaireacht Tithíochta fógraíocht faoi fholúntas, cuirimid liosta leis de scileanna agus inniúlachtaí atá de dhíth don ról sin. Athróidh inniúlachtaí atá de dhíth, ach go ginearálta, beidh fianaise den méid seo a leanas á lorg againn;

• Ceannaireacht

- In ann obair go neamhspleách mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach
- Cumas follasach aige/aici chun na hinniúlachtaí innealtóireachta atá de dhíth a fhorbairt
- Déanann sé/sí a d(h)ícheall chun modhanna oibre nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ó thaobh a bheith obair go héifeachtach d'fhonn cuspóirí a bhaint amach.

• Scileanna Cumarsáide

- Scileanna cumarsáide den scoth, idir labhartha agus scríofa
- In ann a thaispeáint conas a théann siad i bhfeidhm go héifeachtach le foireann ildisciplíneach
agus cliaint idir údaráis náisiúnta agus áitiúla agus conraitheoirí móra.

• Torthaí a Bhaint Amach

- In ann cumas a léiriú ó thaobh obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar thábhacht, ar amscálaí agus ar shrianta eile ar acmhainní, agus in ann tús áite a thabhairt do rud eile má athraíonn cúinsí.

- In ann cumas a léiriú ó thaobh obair ar ardchaighdeán a dhéanamh agus go bhféachann a c(h)uid modhanna oibre chuige go mbaintear í seo amach.

• Sainscileanna

- Scileanna a bhaineann go háirithe leis an ról

## UAIREANTA OIBRE

Is ionann na huaireanta oibre de chuid fhoireann na Gníomhaireachta Tithíochta agus 5 lá, 35 uair seachtain oibre. Is féidir leas a bhaint as córas uaireanta oibre solúbtha de réir théarmaí an Bheartais Fleisc-ama.

Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta chomh maith.

## GEARRLIOSTÚ

I ndiaidh gach iarratas a fháil, déanfar iarratais a ghearrliostú le haghaidh agallaimh bunaithe ar an eolas ar chuir siad ar fáil.

D'fhéadfadh an gearrliostú a bheith i bhfoirm Gearrliostú Deisce, Triail Mhianaigh agus/nó Réamh-agallamh nó meascán den trí rud.

Más gá, déanfar an triail mhianaigh trí sholáthraí 3ú páirtí – cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoi sin. Bainfear úsáid as aon eolas a chuirtear ar fáil ag iarrthóirí chun críche iarrthóirí a ghearrliostú agus chun críche ar bith eile.

## IARRTHÓIRÍ FAOI MHÍCHUMAS

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta do chomhionannas deiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú faoi mhíchumas nó má theastaíonn socruithe réasúnta uait le linn an phróisis roghnúcháin, iarraimid ort go láidir é seo a roinnt linn ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort. Tagraíonn socrú réasúnta inár bpróiseas roghnúcháin oiriúnuithe agus athruithe praiticiúla a chuirfeadh ar chumas iarrthóir faoi mhíchumas deis comhionann a bheith acu don chomórtas seo. Áirítear le samplaí oiriúnuithe a chuirimid ar fáil teicneolaíocht chúnta a úsáid, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí nó réimse socruithe eile.

## AN T-AGALLAMH

Tugtar cuireadh d'iarrthóirí chun agallaimh trí ríomhphost agus ní mór a chinntiú go bhfuil seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha gutháin a chuirtear ar fáil ar na foirmeacha iarratais ceart. D'fhéadfadh dátaí agus amanna an agallaimh a athrú faoi ghearrfhógra. Cuirfear ainmneacha Chomhaltaí Boird an Agallaimh ar fáil roimh ré, ach d'fhéadfadh iad a athrú faoi ghearrfhógra.

## TORTHAÍ AN BHOIRD AGALLAIMH

Molfar do gach iarrthóir maidir le toradh a n-agallaimh trí ríomhphost. I gcásanna ina bhfuil níos mó ná iarrthóir rathúil amháin, d'fhéadfadh painéal a chruthú trí ord fiúntais agus fanfaidh an painéal seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse 12 mhí.

## IARRATAIS AR AISEOLAS

Má glaodh ort chun agallaimh, féadfaidh tú aiseolas a iarraidh. Ar an drochuair, mar gheall ar líon na n-iarratas a fhaighimid, ní féidir linn aiseolas a sholáthar mura bhfuil tú ar an ngearrliosta.

## TAGAIRTÍ & CÁILÍOCHTAÍ OIDEACHAIS

Ceanglaítear ar iarrthóirí ainmneacha na dá mholtóra a bhfuil aithne acu orthu, ach nach bhfuil gaolta leo. Ní mór do mholtóir amháin ar a laghad a bheith mar fhostóir reatha nó le déanaí. Beidh fianaise ag teastáil ón nGníomhaireacht Tithíochta de gach cáilíocht oideachais nó aon eagraíochta(í) eile a raibh/bhfuil baint acu leis an iarrthóir. Coimeádann an Ghníomhaireacht Tithíochta an ceart oiriúnacht na dteistiméireachtaí agus na moltóirí a chinneadh.

## DUALGAS A GHLACADH

Tosóidh an iarrthóir rathúil leis an bhfostaíocht ar dháta a aontaítear leis an nGníomhaireacht Tithíochta. Sa chás go ndiúltaíonn an duine a moladh don cheapachán, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht Tithíochta, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán ón bpróiseas roghnúcháin.

## PROMHADH

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse bliana ón dáta atá mionsonraithe ar an gconradh. In ainneoin an ailt seo agus t-alt díreach ina dhiaidh thíos, ní chuirfidh sé seo bac ar shíneadh an chonartha promhaidh i gcúinsí cuí.

Le linn tréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithnithe ag do mhaoirseoir(í) leis an méid seo a leanas a chinneadh:

(i) Gur fheidhmigh tú ar bhealach sásúil,
(ii) Go raibh tú sásúil maidir le hiompar ginearálta, agus
(iii) Go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh sláinte de, maidir le saoire bhreoiteachta go háirithe.

Sula gcuirtear an conradh promhaidh i gcrích, déanfar cinneadh an coimeádfar tú nó nach gcoimeádfar. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d'fheidhmíocht agus déantar é a mheas in aghaidh critéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas.

In ainneoin na n-alt roimhe seo sa chuid seo, d'fhéadfadh deireadh a chur leis an gconradh promhaidh ag aon uair sula mbeidh tréimhse an chonartha caite ar thaobh amháin nó an taobh eile de réir an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh síneadh a chur le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh curtha ar fionraí.

Ní mór don dá pháirtí aontú leis an síneadh.

• Fanann an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Saoire Uchtaithe

• Maidir le fostaí atá as láthair ar Shaoire Tuismitheoireachta nó Saoire Cúramóirí, d'fhéadfadh go mbeidh promhadh ag teastáil ón bhfostaí le cur ar fionraí má cheaptar nach bhfuil an asláithreacht de réir leanúna an phromhaidh

• D'fhéadfadh an promhadh a chur ar fionraí i gcásanna ar nós asláithreacht mar gheall ar thinneas neamhathfhillteach

• Ní mór d'aon soláthar reachtúil eile a chuireann an promhadh sin ar fáil –

(i) fan ar fionraí le linn asláithreachta fostaithe ón obair, agus
(ii) bheith curtha i gcrích ag an bhfostaí nuair a fhilleann an fostaí ar an obair tar éis asláithreachta den sórt sin. Nuair a chuirtear an promhadh ar fionraí, ní mór don

fhostóir an fostaí a chur ar an eolas faoi na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraíocht.

**Beidh ar gach duine ceaptha tréimhse phromhaidh bliana a dhéanamh.**

## NÓS IMEACHTA ACHOMHARC

Más mian le hiarrthóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh boird maidir le gearrliostú nó agallamh, ní mór dóibh é sin a dhéanamh laistigh de thrí lá oibre tar éis iad a chur ar an eolas faoin gcinneadh sin. Ní mór an achomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig an Oifigeach Achomhairc recruitment@housingagency.ie agus cúiseanna an achomhairc a lua go soiléir.

Laistigh de dhá lá oibre ón achomharc a fháil, déanfaidh an Roinn AD cúiseanna an achomhairc a mheas. Mura seastar le cúiseanna an achomhairc, cuirfidh Bainistíocht AD an t-iarrthóir ar an eolas i scríbhinn faoin toradh seo agus ní dhéanfar aon ghníomh breise. Má sheastar le cúiseanna an achomhairc, cuirfidh an Roinn AD an t-iarrthóir ar an eolas agus déanfar gníomh ceartaitheach.

## RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, agus tháinig sé in áit an creat reatha maidir le cosaint sonraí faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE. Nuair a chuireann tú iarratas isteach ar chomórtas, cruthaímid taifead ríomhaire i d’ainm. Baintear úsáid as eolas a chuirtear isteach le hiarratas poist agus d’iarratas á phróiseáil. Nuair a bhaintear úsáid as seirbhísí tríú páirtí chun d’iarratas a phróiseáil, d’fhéadfadh go mbeadh sé de dhíth eolas a chur ar fáil dóibh, ach déanfar oiread agus is cuí slándáil do shonraí a chinntiú.

## STOCAIREACHTA

Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndéanfar canbhasáil iad a dhícháiliú agus fágfar as an bpróiseas iad mar thoradh air.

Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht Tithíochta.